

Plandaí Neamhdhúchasacha

Lus na Pléisce



Glacann an planda ionrach seo, atá ag leathadh go forleathan in Éirinn, seilbh thapa ar phaistí móra talún.

Lus na hIothlann



Níl dochar ar bith sa phlanda seo a tháinig ó Mheiriceá Thuaidh—tugtar lus anainn air freisin mar go bhfuil boladh anainn uaidh.

An Róslabhras



Scaipeann an róslabhras go fíochmhar ar thalamh aigéadach agus tá sé an-deacair an ruaig a chur air.

An Glaschreamh



Bíonn boladh láidir gairleoige ón bplanda ionrach seo.

An Seileastram Dearg



Bíonn bláthanna áille oráiste ar an seileastram dearg, ach scaipeann sé go tréan agus plúchann a chuid duilleog na plandaí dúchasacha.

Tor an Fhéileacáin



Cé go meallann an sceach seo féileacáin sa samhradh, leathann sé go sciobtha ar thalamh briste.

Na Coinnle Corra Spáinneacha



Hibridíonn siad leis na coinnle corra dúchasacha, agus scaipeann na hibridí níos tréine ná na plandaí dúchasacha.

An Slán Iomaire



D'éaligh an slán iomaire ó ghairdíní agus tá sé forleathan anois ar fud na tíre.

An Ghlúineach Bhiorach



Leathann an planda ionrach seo go héasca mar go bhfásfaidh planda nua fiú ó phíosa beag bideach den bhunphlanda.



Tugtar plandaí neamhdhúchasacha ar phlandaí a thug daoine isteach go hÉirinn—fiú má tugadh isteach iad na céadta blianta ó shin.



Is minic nach mbíonn dochar ar bith iontu—réitíonn siad go maith leis na plandaí dúchasacha, bíonn ainmhithe ag brath orthu, agus glacann siad páirt ghníomhach i ngréasán na bithéagsúlachta.



Plandaí ionracha an téarma a thugtar do phlandaí neamhdhúchasacha a dhéanann dochar do phlandaí dúchasacha i mbealaí éagsúla. Tógann siad cothaitheigh uathu, plúchann siad iad, meallann siad pailneoirí uathu, nó déanann siad hibridiú leo go dtí nach ann don bhunphlanda dúchasach a thuilleadh.



Bí ar an airdeall má fheiceann tú aon cheann de na plandaí seo ag fás i do chomharsanacht.